2026/220

30.1.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/220 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Eanáir 2026

lena leagtar síos na nósanna imeachta is gá chun an malartú faisnéise, an comhairliúchán agus an comhordú freagartha laistigh den Choiste Slándála Sláinte a chur chun feidhme go haonfhoirmeach agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/253

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2371, cuirtear leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, lena n-áirítear maidir leis an ngá an fhreagairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chomhordú go dlúth laistigh den Choiste Slándála Sláinte (CSS).

(2) Ba cheart an Córas Luathrabhaidh agus Freagartha a bheith ar an bpríomhuirlis atá le húsáid chun comhairliúchán agus freagairt ar bhagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte laistigh den Choiste Slándála Sláinte a iarraidh, agus chun faisnéis a bhaineann leis an mbagairt sin a mhalartú, go háirithe chun faisnéis ar an leibhéal slándála 'Íogair neamh-rúnaicmithe' ([2]) ar a laghad a mhalartú. Féadfar iarrataí agus malartú faisnéise den sórt sin a dhéanamh freisin le linn cruinniú den Choiste Slándála Sláinte. Ina theannta sin, féadfar iarraidh ar chomhairliúchán agus ar chomhordú a chur chuig rúnaíocht an Choiste Slándála Sláinte.

(3) I gcás ina dtagann bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte chun cinn lena gcomhlíontar na critéir a shainítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2022/2371 nó i gcás ina bhfuil bagairt den sórt sin ag forbairt, tá na húdaráis inniúla náisiúnta nó an Coimisiún le fógra a thabhairt faoi fholáireamh in EWRS. Tá sé d'oibleagáid ar na Stáit is Páirtithe san Eagraíocht Dhomhanda Sláinte fógra a thabhairt don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte laistigh de 24 uair an chloig tar éis measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis sláinte poiblí faoi imeacht a d'fhéadfadh a bheith ina éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal náisiúnta idirnáisiúnta í, i gcomhréir leis na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (RSI 2005) ([3]). I gcás ina dtabharfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta fógra don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ní mór dóibh fógra comhuaineach a thabhairt faoi fholáireamh in EWRS ar choinníoll go dtagann an bhagairt lena mbaineann faoi na bagairtí sin dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/2371. Chun go bhféadfar fógra comhuaineach a thabhairt, is féidir leis na húdaráis inniúla náisiúnta fógra a thugtar in EWRS a aistriú chuig pointe fócasach RSI na hEagraíochta Domhanda Sláinte.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/2371, tar éis fógra foláirimh de bhun Airteagal 19 de, arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát agus ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 19 agus na measúnuithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 20, ní mór do na Ballstáit dul i gcomhairle le chéile agus comhordú a dhéanamh laistigh den Choiste Slándála Sláinte agus i gcomhar leis an gCoimisiún, maidir le freagairtí náisiúnta, cumarsáid i dtaobh rioscaí agus géarchéimeanna a bhfuil sé d'aidhm aici faisnéis chomhsheasmhach chomhordaithe a sholáthar, glacadh tuairimí agus treoraíochta agus tacaíocht a thabhairt do Shocruithe Comhtháite an Aontais maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna i gcás a ghníomhachtaithe. I gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/2371, i staideanna éigeandála eisceachtúla, féadfaidh Ballstát nó an Coimisiún a iarraidh go ndéanfaí freagairt a chomhordú laistigh den Choiste Slándála Sláinte maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte seachas na cinn sin a luaitear in Airteagal 2(1), má mheastar nach leor na bearta sláinte poiblí a rinneadh roimhe seo chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine.

([1]) IO L 314, 6.12.2022, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2371/oj.
([2]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj).
([3]) Airteagal 6(1) de na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (IHR 2005).

(5) Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá comhairliúchán agus comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt ar bhagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte laistigh den Choiste Slándála Sláinte sula ndéantar iarraidh ar an gcomhairliúchán agus ar an gcomhordú sin. Tar éis iarraidh a bheith curtha isteach, ba cheart don Choimisiún an comhairliúchán agus an comhordú a eagrú go pras.

(6) Chun go mbeidh na Ballstáit agus an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le comhairliúchán agus freagairt a chomhordú laistigh den Choiste Slándála Sláinte, ba cheart a shonrú san fhógra foláirimh na cúiseanna lena gcinntear go gcomhlíonann teacht chun cinn nó forbairt bagartha tromchúisí trasteorann ar an tsláinte critéir Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2022/2371.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 21(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2022/2371, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát bearta sláinte poiblí a ghlacadh nó a fhoirceannadh mar fhreagairt ar bhagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte, ní mór dó an Coiste Slándála Sláinte a chur ar an eolas, dul i gcomhairle leis agus comhordú a dhéanamh laistigh de.

(8) Malartú tráthúil faisnéise maidir leis an mbagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte agus ar bearta sláinte poiblí, tá siad ríthábhachtach chun freagairt a chomhordú. Ba cheart do na Ballstáit bealaí cumarsáide éifeachtacha a bhunú idir na húdaráis inniúla ábhartha. I bhfianaise a chasta atá géarchéimeanna a bhaineann leis an tsláinte, tá gá le comhar trasearnála i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin chun freagairt éifeachtach chomhréireach a thabhairt.

(9) Tráth a dhéantar iarraidh ar chomhairliúchán agus ar fhreagairt ar an mbagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte a chomhordú, ba cheart don Choimisiún a iarraidh go dtionólfaí comhairliúchán laistigh den Choiste Slándála Sláinte. I bprionsabal, ba cheart an comhairliúchán sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an iarraidh a fháil. Ba cheart go bhféadfaí an tréimhse ama sin a oiriúnú de réir phráinn an iarrata nó dhéine na bagartha.

(10) Sula nglacann Ballstáit bearta sláinte poiblí chun freagairt do bhagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte nó sula bhfoirceannann siad iad, ba cheart dóibh na Ballstáit eile sa Choiste Slándála Sláinte a chur ar an eolas maidir le cineál, cuspóir agus raon feidhme na mbeart sin agus ba cheart dóibh dul i gcomhairle agus i gcomhordú leo maidir leo a luaithe is féidir agus 14 lá ar a laghad roimh ré. I gcás ina ndéanann Ballstáit bearta sláinte poiblí a ghlacadh nó a fhoirceannadh láithreach, ba cheart dóibh na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas go pras agus tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis na bearta sin a ghlacadh nó a fhoirceannadh.

(11) Ós rud é go bhfuil faisnéis chruinn agus cumarsáid thráthúil leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, amhail gairmithe cúraim sláinte agus sláinte poiblí, fíor-riachtanach le haghaidh freagairt éifeachtach, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir leis an nós imeachta chun faisnéis maidir le bearta cumarsáide a chomhroinnt agus teachtaireachtaí cumarsáide riosca agus géarchéime atá comhsheasmhach agus comhordaithe a fhorbairt laistigh den Choiste Slándála Sláinte.

(12) Is é is aidhm do na Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna comhleanúnachas agus comhlántacht an Aontais agus na mBallstát a áirithiú sa Chomhairle i gcás agairt an chlásail dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i gCinneadh 2014/415/AE ón gComhairle ([4]). Leis na Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna, cumasaítear comhordú agus freagairt thráthúil ar leibhéal polaitiúil an Aontais i gcás géarchéimeanna a bhfuil tionchar fadréimseach nó tábhacht pholaitiúil ag baint leo ([5]). I gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/2371, arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát, ní mór do na Ballstáit dul i gcomhairle le chéile agus comhordú a dhéanamh laistigh den Choiste Slándála Sláinte maidir leis an tacaíocht do na Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise, agus trína thuairimí agus a threoraíocht a chomhroinnt. Ba cheart do rúnaíocht an Choiste Slándála Sláinte idirchaidreamh a dhéanamh le rúnaíocht na Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna chun gníomhaíocht chomhleanúnach éifeachtúil a áirithiú agus chun dúbláil iarrachtaí a sheachaint.

(13) Ós rud é go bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán seo cuid de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/253 ón gCoimisiún ([6]) a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart Airteagal 2 agus Airteagail 4 go 6 den chinneadh sin a scriosadh.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte,

([4]) Cinneadh 2014/415/AE ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir leis na socruithe a bhaineann le cur i bhfeidhm an chlásail dlúthpháirtíochta ag an Aontas (IO L 192, 1.7.2014, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/415/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Socruithe Comhtháite an Aontais Eorpaigh maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna (IO L 320, 17.12.2018, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1993/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/253 ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2017 lena leagtar síos nósanna imeachta chun fógra a thabhairt faoi fholáirimh mar chuid den chóras luathrabhaidh agus freagartha a bunaíodh i ndáil le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus chun freagairtí ar bhagairtí den sórt sin a mhalartú, a cheadú agus a chomhordú de bhun Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 37, 14.2.2017, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2017/253/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo na nósanna imeachta is gá chun an malartú faisnéise, an comhairliúchán agus an comhordú laistigh den Choiste Slándála Sláinte a chur chun feidhme go haonfhoirmeach tar éis fógra foláirimh de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2022/2371 nó iarraidh ón gCoimisiún nó ó Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den Rialachán sin.

Airteagal 2

Iarraidh ar chomhairliúchán agus comhordú

1. Tar éis fógra foláirimh a thabhairt sa Chóras Luathrabhaidh agus Freagartha de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2022/2371, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún measúnú gan mhoill ar an ngá atá le comhairliúchán agus freagairt a chomhordú laistigh den Choiste Slándála Sláinte.

2. I gcás ina n-aithníonn Ballstát nó an Coimisiún go bhfuil gá le comhairliúchán agus freagairt a chomhordú laistigh den Choiste Slándála Sláinte, iarrfaidh siad, gan mhoill, comhairliúchán agus comhordú den sórt sin sa Chóras Luathrabhaidh agus Freagartha, le linn cruinniú den Choiste Slándála Sláinte nó ar rúnaíocht an Choiste Slándála Sláinte.

3. Sonrófar san iarraidh sin na topaicí comhairliúcháin agus comhordaithe atá ábhartha maidir leis an bhfreagairt ar an mbagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte.

4. I gcás ina bhfaigheann rúnaíocht an Choiste Slándála Sláinte iarraidh ar chomhairliúchán agus ar chomhordú, cuirfidh sí an Coiste Slándála Sláinte ar an eolas faoin iarraidh gan mhoill.

Airteagal 3

Malartú faisnéise

1. I gcás ina ndéanann na Ballstáit nó an Coimisiún, tar éis fógra foláirimh, faisnéis ábhartha atá ar fáil a chur in iúl nó an fógra foláirimh tosaigh a thabhairt cothrom le dáta, úsáidfidh siad feidhmiúlacht an Chórais Luathrabhaidh agus Freagartha, chun 'barúil' a phostáil.

2. Tar éis iarraidh ar chomhairliúchán agus ar chomhordú freagartha i gcomhréir le hAirteagal 2(2) nó i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/2371, déanfaidh na Ballstáit nó an Coimisiún aon fhaisnéis ábhartha atá ar fáil a chur in iúl gan mhoill tríd an gCóras Luathrabhaidh agus Freagartha. Féadfar malartú faisnéise den sórt sin a dhéanamh freisin le linn cruinnithe den Choiste Slándála Sláinte.

3. Bunóidh na Ballstáit bealaí cumarsáide éifeachtacha idir a n-údaráis inniúla ábhartha i dtaca leis an gCóras Luathrabhaidh agus Freagartha, agus aon údarás inniúil ábhartha eile laistigh dá ndlínse i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) 2022/2371.

Airteagal 4

Comhairliúchán agus freagairt a chomhordú laistigh den Choiste Slándála Sláinte

1. I gcás ina ndéantar iarraidh ar chomhairliúchán agus ar fhreagairt ar an mbagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 2(2) nó i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/2371, iarrfaidh an Coimisiún comhairliúchán chun an fhreagairt a chomhordú laistigh den Choiste Slándála Sláinte. I bprionsabal, déanfar an comhairliúchán sin tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an iarraidh a fháil. Féadfar an tréimhse ama sin a oiriúnú de réir phráinn an iarrata nó dhéine na bagartha.

2. I gcás ina bheartaíonn na Ballstáit bearta sláinte poiblí a ghlacadh nó a fhoirceannadh mar fhreagairt ar bhagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte, déanfaidh siad na Ballstáit eile sa Choiste Slándála Sláinte agus an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le cineál, cuspóir agus raon feidhme na mbeart sin agus rachaidh siad i gcomhairle agus i gcomhordú leo maidir leo a luaithe is féidir agus 14 lá ar a laghad roimh ré.

3. I gcás ina mbíonn an gá leis an tsláinte phoiblí a chosaint chomh práinneach sin gur gá bearta sláinte poiblí a ghlacadh nó a fhoirceannadh láithreach, déanfaidh na Ballstáit na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas go pras agus tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis na bearta sin a ghlacadh nó a fhoirceannadh. Tabharfar tuairisc san fhaisnéis sin ar chineál, ar chuspóir agus ar raon feidhme na mbeart sin.

4. Tar éis don Choimisiún comhairliúchán a iarraidh de bhun Airteagal 4(1), scrúdóidh an Coiste Slándála Sláinte an fhaisnéis atá ar fáil maidir leis an mbagairt ar leith lena n-áirítear fógraí foláirimh, measúnuithe riosca, agus faisnéis eile arna cur in iúl ag na Ballstáit nó ag an gCoimisiún, lena n-áirítear faisnéis faoi bhearta sláinte poiblí.

5. Cuirfidh na Ballstáit toradh an chomhairliúcháin agus an chomhordaithe laistigh den Choiste Slándála Sláinte san áireamh agus bearta sláinte poiblí á nglacadh mar fhreagairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte.

Airteagal 5

Cumarsáid riosca agus géarchéime

1. Nuair a chuireann na Ballstáit faisnéis ar fáil maidir leis na bearta cumarsáide riosca agus géarchéime i gcomhréir le hAirteagal 5(2), sonróidh siad an pobal meáin, an t-ábhar agus na bealaí.

2. Más rud é, tar éis iarraidh ar chomhairliúchán agus ar fhreagairt a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 2(2) nó i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/2371, go bhfuil gá le cumarsáid chomhordaithe i ndáil le rioscaí agus géarchéimeanna ar leibhéal an Aontais, tacóidh an Coimisiún le teachtaireachtaí cumarsáide a dhréachtú.

Airteagal 6

Tacaíocht do Shocruithe Comhtháite an Aontais maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna

I gcás ina ngníomhachtaítear Socruithe Comhtháite an Aontais maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna ([7]) agus i gcás ina ndéanann Ballstát nó an Coimisiún iarraidh ar chomhairliúchán agus ar fhreagairt ar an mbagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 2(2) nó i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2022/2371, déanfaidh rúnaíocht an Choiste Slándála Sláinte idirchaidreamh agus comhordú le rúnaíocht na Socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna chun malartú tráthúil faisnéise a áirithiú, lena n-áirítear faisnéis maidir le bearta freagartha agus maidir le tuairimí agus treoir an Choiste Slándála Sláinte i ndáil le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus chun rannchuidiú le gníomhaíocht chomhleanúnach éifeachtúil.

Airteagal 7

Leasú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/253

Scriostar Airteagal 2 agus Airteagail 4 go 6 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/253.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([7]) Cinneadh 2014/415/AE.